# Óró, sé do bheatha ‘bhaile

**Curfá**
Óró, sé do bheatha ‘bhaile,
B’fhearr liom tú ná céad bó bhainne!
óró, sé do bheatha ‘bhaile,
Anois ar theacht an tsamhraidh.

**Véarsa 1**
‘Sé do bheatha, bhean ba léanmhar,
B’é ár gcreach tú bheith i ngéibheann,
Do dhúiche bhreá i seilbh méirleach,
‘S tú díolta leis na Galla.

**Curfá**
Óró, sé do bheatha ‘bhaile,
B’fhearr liom tú ná céad bó bhainne!
óró, sé do bheatha ‘bhaile,
Anois ar theacht an tsamhraidh.

**Véarsa 2**
Tá Gráinne Mhaol a’ trial thar sáile
óglaigh armtha léi mar gharda,
Gaeil iad féin ní Gaill ná Spáinnigh
Is cuirfidh siad ruaig ar Ghalla.

**Curfá**
Óró, sé do bheatha ‘bhaile,
B’fhearr liom tú ná céad bó bhainne!
óró, sé do bheatha ‘bhaile,
Anois ar theacht an tsamhraidh.

**Véarsa 3**
A bhuí le Dia na bhfeart má dhearcam
Mura mbím beo ‘na dhiadh ach seachtain,
Gráinne Mhaol is míle gaiscíoch
A’ fógairt fáin ar Ghalla.

**Curfá**
Óró, sé do bheatha ‘bhaile,
B’fhearr liom tú ná céad bó bhainne!
óró, sé do bheatha ‘bhaile,
Anois ar theacht an tsamhraidh.